

CÉN SCÉAL ATÁ AGAT?

Gradam Náisiúnta Scéal Digiteach NTI

Ceardlann roghnach do mhúinteoirí a bhíonn ag plé le Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis na Sraithe Sóisearaí

Is cúis lúcháire don tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) agus do Theangacha Iar-Bhunscoile Éireann (TIBÉ) Gradam Náisiúnta Scéal Digiteach NTI, 'Cén Scéal atá Agat?', a thairiscint do mhúinteoirí agus do scoláirí.

Cad é?

Spreagann an Gradam seo scoláirí lena gcuid scileanna teanga agus digiteacha a thabhairt le chéile trí scéalaíocht dhigiteach a chleachtadh chun a scéal féin a insint. Mar chuid den tionscnamh beidh Eispéireas Foghlama Gairmiúil roghnach ann do mhúinteoirí (2 uair a chloig) ina bhfiosrófar próiseas na scéalaíochta digiti agus an chaoi ar féidir léi cabhrú le foghlaim teanga.

Cén fáth?

Cabhraíonn an tionscnamh spreagúil tarraingteach seo lena lán de na torthaí foghlama sa tsraith shóisearach agus tabharfaidh sé deis do scoláirí a gcuid scileanna teanga a úsáid ar chúiseanna fíora. Déanfar taispeáint ar líne de na samplaí is cruthaithí agus is saibhre teanga agus ag an gcomh-Chomhdháil TIBÉ, SSM agus SFGM i Meán Fómhair 2020. Iad siúd a n-iarrfar orthu a gcuid oibre a chur ar taispeáint gheobhaidh siad aitheantas dá scéal digiteach le duais agus le plaic don scoil s'acu.

Cén chaoi?

Ba chóir do mhúinteoirí ar mian leo a bheith páirteach ann agus ar mian leo an tionscnamh seo a éascú ina scoil, ba chóir dóibh áit a chur in áirithe ag ceann de na ceardlanna roghnacha leis na scileanna riachtanacha a fháil chun scéalaíocht dhigiteach a úsáid i seomra ranga na NTI.

Cén uair?

Spricodháta le cur isteach air: 28 Márta 2020

Mionsonraí chun cur isteach don taispeántas mar aon le dátaí don cheardlann le fáil ar

www.jct.ie/modern_foreign_languages/news_events

Comhdháil TIBÉ, SSM agus SFGM
26 Meán Fómhair 2020

